Gaelscoil Mhainistir na Corann (GSMNC)

Bán Sheáin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí

Fón/Fax: 021 4613599 www.gsmnc.ie

Ríomhphost: oifig@gsmnc.ie Uimhir Rolla: 20107G

Polasaí Gutháin Póca agus Gléasanna Cliste Pearsanta

Réamhrá

Tá daltaí scoile ag iompar agus ag úsáid gutháin póca go forleathan anois, fiú sa bhunscoil. Cruthaíodh an polasaí seo chun tabhairt faoi bhainistiú ar ghutháin póca agus gléasanna cliste pearsanta eile i suíomh na scoile.

Réasúnaíocht

Cruthaíonn úsáid ghutháin póca agus gléasanna cliste pearsanta (uaireadóirí cliste, táibléid , Ipads, Ipods, Mp3 srl) réimse fadhbanna suntasacha a chuireann isteach ar thimpeallacht na scoile.

- Go minic fásann fadhbanna iompair agus bulaíochta ó úsáid na gléasanna seo sa bhunscoil.
- Is féidir le gutháin póca agus gléasanna cliste pearsanta aird na bpáistí a thógáil ón bhfoghlaim I suíomh na scoile.
- Cruthaítear fadhb GDPR agus Cosaint leanaí freisin leis an gcumas atá ag na gléasanna seo pictiúr, fís nó taifead fuaime a ghlacadh, a úsáid agus a scaipeadh.

Aidhmeanna an pholasaí

Tá an polasaí seo á thabhairt isteach ag an mBainistíocht Scoile a chuireann cosc ar úsáid ghutháin póca agus gléasanna cliste pearsanta (uaireadóirí cliste, táibléid , Ipads, Ipods, Mp3 srl) laistigh de shuíomh na scoile agus i rith imeachtaí scoile mar shampla turas scoile. Cruthóidh sé seo timpeallacht níos sábháilte ina bhfuil aird na leanaí dírithe ar an bhfoghlaim.

Da bhrí sin , moltar go láidir gan guthán póca a thabhairt ar scoil.

Gnás Scoile : Treoirlínte do dhaltaí agus thuismitheoirí

- Níl gléasanna pearsanta cliste , uaireadóirí cliste san áireamh , ceadaithe do dhaltaí ar scoil.
- Tá cead ag daltaí Rang 5 agus 6 gutháin póca a thabhairt ar scoil.
    - Tá cead ag na daltaí gutháin póca a thabhairt isteach má tá siad ag teastáil don turas abhaile.
    - Caithfidh tuismitheoir / caomhnóir cead scríofa a thabhairt gach téarma ar Aladdin.
    - Caithfear an gutháin póca a mhúchadh roimh theacht ar suíomh na scoile ar maidin agus ní lasfar iad arís go dtí go bhfuil an dalta imithe ó shuíomh na scoile um thráthnóna.
    - Tabharfar na gutháin póca chuig an múinteoir ranga láithreach.
    - Níl cead guthán póca a thabhairt ar aon turas nó imeacht scoile , seachas turas scoile Rang 6. Sa chás seo caithfear cloí leis na rialacha céanna agus an fón a mhúchadh agus a thabhairt chuig an múinteoir.
    - Múna leanann dalta gnásanna na scoile tógfar an guthán nó gléas ón dalta. Beidh ar thuismitheoir nó caomhnóir é a bhailiú ó oifig na scoile.

- I gcásanna áirithe beidh cead ag daltaí Rang 4 guthán póca a thabhairt isteach ar scoil ach caithfear cead a lorg ón bpríomhoide.
- Tabharfar na gutháin póca isteach ar scoil ag riosca an úinéara agus ní ghlacann an scoil aon fhreagracht as damáiste nó caillteanas.
- Glacann tuismitheoirí freagracht as labhairt lena bpáistí faoi iompar cuí ar líne go minic i líne le Polasaí Úsáide Inghlachta (PUI) na scoile.
- Déanfaidh tuismitheoirí / caomhnóirí monatóireacht ar ghuthán póca a leanaí i líne le PUI na scoile.

Gnás Scoile : Treoirlínte don fhoireann

- Ba chóir go mbeadh gutháin póca múchta nó ar stádas ciúin i rith am múinte, feitheoireachta agus i rith cruinnithe. Níor chóir go mbeadh gutháin póca in úsáid do chúiseanna pearsanta i rith ama leis na daltaí.

- Níl cead ach gutháin póca a úsáid i rith am múinte agus feitheoireachta do ghnó scoile nó cásanna éigeandála.
- Le cead ón bpríomhoide agus i gcásanna éigeandála nó eisceachtúla (Mar shampla duine breoite, cás clainne nó gluaisteán briste síos) tá cead ag an bhfoireann an guthán póca a bheith in úsáid. Caithfear é seo a chuir in iúil do na daltaí.
- Úsáidfidh an fhoireann gutháin/fóin nó gutháin póca/fóin póca na scoile chun teagmháil a dhéanamh le tuistí.
- Más gá don fhoireann a ngutháin póca féin a úsáid chun dul i dteagmháil le tuismitheoirí / caomhnóirí, caithfidh siad a n-uimhir féin a cheilt.
- Leanfaidh an fhoireann PUI na scoile maidir le GDPR.

Sínithe: _____ Síniú: _____

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ***Príomhoide na Scoile***

Dáta: 01-06-2023 Dáta: 01-06-2023

Déanfar Athbhreithniú ar an bpolasaí nuair is gá.